AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.3.2024
COM(2024) 106 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

Tuarascáil bhliantúil maidir le Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha)

I. RÉAMHRÁ

(1) Is chuig Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh a dhírítear an tuarascáil seo. Leagtar amach ann na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2022/1925[1] (an Gníomh um Margaí Digiteacha, dá ngairtear 'DMA' anseo feasta) in 2023, mar a fhoráiltear in Airteagal 35 DMA[2].

(2) Le hAirteagal 35 DMA ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a chur isteach ar chur chun feidhme DMA agus an dul chun cinn atá déanta i dtreo a chuspóirí a bhaint amach. Is í seo an chéad tuarascáil dá cineál, lena gcumhdaítear an chéad bhliain a tháinig DMA i bhfeidhm agus a chuir an Rialtas i bhfeidhm é.

(3) I Roinn II den tuarascáil seo tugtar forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin in 2023 faoi DMA. I Roinn III déantar cur síos ar na gníomhaíochtaí faireacháin a rinneadh agus i Roinn IV déantar cur síos ar chomhar agus comhordú le húdaráis náisiúnta. Ar deireadh, leagtar amach i Roinn V na cúraimí a rinne an Grúpa Ardleibhéil le haghaidh an Ghnímh um Margaí Digiteacha.

II. GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOIMISIÚIN IN 2023

a. Cinntí nós imeachta agus doiciméid

Rialachán Cur Chun Feidhme

(4) Tugtar de chumhacht don Choimisiún le DMA gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos socruithe mionsonraithe faoi shaincheisteanna a sainaithníodh in Airteagal 46 DMA. Rinneadh roinnt de na cumhachtaí a chuachadh le chéile in aon ghníomh cur chun feidhme amháin, is é sin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/814 ón gCoimisiún ('an Rialachán Cur Chun Feidhme')[3].

(5) D'fhoilsigh an Coimisiún dréachtleagan den Rialachán Cur Chun Feidhme le haghaidh comhairliúchán poiblí idir an 9 Nollaig 2022 agus an 9 Eanáir 2023. Ag cloí leis na rialacha nós imeachta a tugadh isteach le DMA, tarraingítear leis an Rialachán Cur Chun Feidhme ar na nósanna imeachta a úsáidtear i bhforfheidhmiú dhlí na hiomaíochta. Thairis sin, áirítear leis eilimintí nua chun nós imeachta atá níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a áirithiú de bharr nádúr dinimiciúil na margaí digiteacha. Áirítear leis sin go háirithe nós imeachta níos éifeachtúla maidir le rochtain ar chomhad an Choimisiúin, agus deimhneacht dhlíthiúil agus cearta cosanta do na cuideachtaí lena mbaineann a áirithiú an tráth céanna.

(6) Chuir an Coimisiún an Dréachtrialachán Cur Chun Feidhme, lena n-áirítear na torthaí óna chomhairliúchán poiblí, faoi bhráid Choiste Comhairleach na Margaí Digiteacha (DMAC)[4] le linn a chruinniú tionscnaimh an 13 Eanáir 2023. Bunaithe ar na freagraí ar

[1] IO L 265, 12.10.2022, lgh. 1–66

[2] Leis an Tuarascáil cumhdaítear an bhliain féilire 2023, dá bhrí sin ní chumhdaítear forbairtí a tharla níos déanaí amhail dúnadh na n-imscrúduithe margaidh a seoladh in 2023 maidir le *iMessage*, *Bing*, *Edge*, agus *Microsoft Advertising*, féach https://digital-markets-act.ec.europa.eu/commission-closes-market-investigations-microsofts-and-apples-services-under-digital-markets-act-2024-02-13_en

[3] IO L 102, 17.4.2023, lgh. 6–19

[4] Tacaíonn DMAC leis an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh faoi DMA. Aicmítear é mar choiste faoi Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 agus feidhmíonn sé i gcomhréir lena Rialacha Nós Imeachta.

an gcomhairliúchán poiblí, rinne an Coimisiún an nós imeachta maidir le rochtain ar an gcomhad a leagtar síos sa Rialachán Cur Chun Feidhme a shimpliú.

(7) An 14 Aibreán 2023, ghlac an Coimisiún an Rialachán Cur Chun Feidhme in éineacht lena dhá Iarscríbhinn, lena gcuimsítear an fhoirm nach mór do na gnóthais a chomhlíonann na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 3(2) DMA a úsáid chun fógra a thabhairt don Choimisiún chun críocha ainmnithe mar gheatóir ('an Fhoirm GD'), agus sonraíochtaí faoin bhfoirm agus faoi fhad na ndoiciméad a chuirtear isteach faoi DMA.

(8) In éineacht leis an bhFoirm GD, d'fhoilsigh an Coimisiún roinnt teimpléid eile i gcomhthéacs chur chun feidhme DMA chun deimhneacht dhlíthiúil agus cur chun feidhme aonfhoirmeach a áirithiú i ndáil le haighneachtaí agus iarrataí arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin[5].

b. Cinntí ainmniúcháin

(9) Leagtar amach le hAirteagal 3(3) DMA maidir le gnóthais a sholáthraíonn croísheirbhísí ardáin lena gcomhlíontar na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 3(2) DMA, nach mór dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún nuair a bheidh na tairseacha sin bainte amach acu. An 3 Iúil 2023, fuair an Coimisiún fógraí[6] ó *Alphabet*, *Amazon*, *Apple*, *ByteDance*, *Meta*, *Microsoft* agus *Samsung* de bhun Airteagal 3(3), an chéad fhomhír, DMA. An 5 Meán Fómhair 2023, d'ainmnigh an Coimisiún *Alphabet*, *Amazon*, *Apple*, *ByteDance*, *Meta*, agus *Microsoft* mar gheatóirí de 22 Chroísheirbhís Ardáin (CPS) ar an iomlán mar a léirítear sa tábla thíos, agus ghlac sé cinneadh gan *Samsung* a ainmniú mar gheatóir dá bhrabhsálaí gréasáin[7].



[5] https://digital-markets-act.ec.europa.eu/legislation_en#templates

[6] Bhí an Coimisiún i mbun pléití cuiditheacha le gnóthais seachas na cinn a bhfuil fógra tugtha acu, i bhfianaise fógraí féideartha. Tá DMA bunaithe ar chóras féinmheasúnaithe, agus ní mór do na cuideachtaí lena mbaineann fógra a thabhairt dá gcroísheirbhísí ardáin má chomhlíonann siad na tairseacha ábhartha. Tugann an Coimisiún faoi deara nach raibh aon ghnóthas a bhí i mbun pléití leis an gCoimisiún den tuairim go gcomhlíonfaidh siad na tairseacha le haghaidh fógra in 2023.

[7] https://digital-markets-act-cases.ec.europa.eu/search

(10) Bhí an deis ag na cuideachtaí a sháraíonn na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 3(2) DMA argóintí cuí-réasúnaithe a chur i láthair nár cheart dóibh a bheith ainmnithe mar gheatóir ('frisnéis') faoi Airteagal 3(5) DMA. Maidir leis na deich bhfrisnéis[8] a fuair an Coimisiún leis an gcéad shraith d'fhógraí, ghlac an Coimisiún glan amach le trí fhrisnéis,[9] dhiúltaigh sé le trí fhrisnéis eile[10] agus mheas siad nach raibh ceithre fhrisnéis eile[11] cuí-réasúnaithe go leordhóthanach chun go bhféadfadh an Coimisiún tús a chur le himscrúduithe margaí chun tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar na hargóintí a cuireadh ar fáil iontu.

(11) An tráth chéanna, chuir an Coimisiún tús le himscrúduithe cáilíochtúla margaidh chun a chinneadh ar cheart córas oibriúcháin *iPadOS*, ar córas de chuid *Apple* é, a liostú mar thairseach thábhachtach d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh, cé nach gcomhlíonann sé na tairseacha cainníochtúla.

(12) Ag cruinniú an 10 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún DMAC ar an eolas faoi na cinntí faoi ainmniú geatóirí agus na himscrúduithe margaidh ar cuireadh tús leo. Ar an ócáid sin, leag an Coimisiún amach an amlíne agus na nósanna imeachta maidir le hainmniúcháin atá ann cheana agus ainmniúcháin nua, in éineacht le hord na n-imeachtaí le haghaidh imscrúduithe margaidh.

Forbhreathnú ar na hainmniúcháin de réir an ghnóthais a bhfuil fógra á thabhairt aige

(13) **Thug *Alphabet*** fógra don Choimisiún go gcomhlíonann sé na tairseacha i ndáil leis na croísheirbhísí ardáin ('CPSanna') seo a leanas: (i) a sheirbhís idirghabhála ar líne *Google Shopping*; (ii) a sheirbhís idirghabhála ar líne *Google Play*; (iii) a sheirbhís idirghabhála ar líne *Google Maps*; (iv) a inneall cuardaigh ar líne *Google Search*; (v) a sheirbhís ardáin comhroinnte físeán *YouTube*; (vi) a sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir ('NIICS') *Gmail*; (vii) a chóras oibriúcháin *Google Android*; (viii) a bhrabhsálaí gréasáin *Google Chrome*; agus (ix) a sheirbhísí fógraíochta ar líne. Ina fhógra, chuir *Alphabet* argóintí i láthair lena ndearna iarracht a léiriú cé go gcomhlíonann a sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir, *Gmail*, na tairseacha uile, nach gcomhlíonann sé na ceanglais a liostaítear in Airteagal 3(1) DMA i ndáil leis an gcroísheirbhís ardáin sin agus dá bhrí sin nár cheart an chroísheirbhís ardáin sin a liostú ina chinneadh ainmniúcháin mar thairseach thábhachtach d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh.

[8] Fuair an Coimisiún frisnéisí ó *Alphabet* maidir lena sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir (NIICS) *Gmail*, ó *Apple* maidir lena sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir *iMessage*, ó *ByteDance* maidir lena sheirbhís líonraithe shóisialta ar líne (ar thug *ByteDance* fógra ina leith mar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán) *TikTok*, ó *Meta* maidir lena sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir *Messenger* agus a sheirbhís idirghabhála ar líne *Marketplace*, ó *Microsoft* maidir lena sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir *Outlook*, a sheirbhís fógraíochta ar líne *Microsoft Advertising*, a inneall cuardaigh ar líne *Bing*, a bhrabhsálaí gréasáin *Edge*, agus ó *Samsung* maidir lena bhrabhsálaí gréasáin *Samsung Internet Browser* (SIB).

[9] Ghlac an Coimisiún glan amach leis na frisnéisí a chuir *Alphabet* isteach maidir le *Gmail*, a chuir *Microsoft* isteach maidir le *Outlook* agus a chuir *Samsung* isteach maidir lena bhrabhsálaí gréasáin SIB.

[10] Dhiúltaigh an Coimisiún glan amach do na frisnéisí a chuir *ByteDance* isteach maidir le *TikTok*, agus a chuir *Meta* isteach maidir le *Messenger* agus *Marketplace*.

[11] Chuir an Coimisiún tús le himscrúdú margaidh ar *iMessage* ar seirbhís í de chuid *Apple*, agus ar *Bing*, *Microsoft Advertising*, agus *Edge* ar seirbhísí de chuid *Microsoft* iad.

(14) D'ainmnigh an Coimisiún *Alphabet* mar gheatóir[12] i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(i) *Google Shopping*, seirbhísí idirghabhála ar líne *Alphabet*;;
(ii) *Google Play*, seirbhísí idirghabhála ar líne *Alphabet*;
(iii) *Google Maps*, seirbhísí idirghabhála ar líne *Alphabet*;
(iv) Google Search, inneall cuardaigh ar líne Alphabet;
(v) *YouTube*, seirbhís ardáin comhroinnte físeán *Alphabet*;
(vi) *Google Android*, córas oibriúcháin *Alphabet*, lena n-áirítear meánearraí ábhartha *Alphabet* a mhéid a rialaíonn sé bunfheidhmeanna tháibléid agus fhóin chliste *Google Android* agus a chumasaítear leis feidhmchláir bogearraí a rith orthu sin;
(vii) *Google Chrome*, brabhsálaí gréasáin *Alphabet*; agus
(viii) Seirbhísí fógraíochta ar líne *Alphabet*, lena n-áirítear *Google Analytics* agus *AdSense for Search*. Ina theannta sin, cé gur áitigh *Alphabet* go bhfuil taispeáint an fhógra mar chuid den tseirbhís a fhaigheann úsáideoirí deiridh ina ndéantar an fógra a thaispeáint, faightear leis an gCinneadh go bhfuil taispeáint na bhfógraí mar chuid de seirbhísí *Alphabet* d'úsáideoirí deiridh agus croísheirbhísí ardáin fógraíochta ar líne *Alphabet* araon.

(15) Ghlac an Coimisiún leis na hargóintí frisnéise a rinne *Alphabet* i ndáil lena sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir, *Gmail*, toisc go gcuirtear ar fáil é bunaithe ar chaighdeáin oscailte agus i bhformáid chaighdeánaithe, rud a ligeann d'úsáideoirí deiridh teachtaireachtaí a sheoladh chuig aon seirbhís ríomhphoist, agus toisc nach ndéanann sé aon rialú faoi láthair ar oibríochtaí *Gmail* a ligfeadh dó leibhéal suntasach spleáchas a fhorchur idir úsáideoirí gnó agus úsáideoirí deiridh. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún nach raibh *Gmail* ina thairseach thábhachtach d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) DMA agus dá bhrí sin níor chuir sé an chroísheirbhís ardáin sin i gcinneadh ainmniúcháin *Alphabet*.

(16) **Thug *Amazon*** fógra don Choimisiún go gcomhlíonann sé na tairseacha i ndáil leis na croísheirbhísí ardáin seo a leanas: (i) a sheirbhísí idirghabhála ar líne *Amazon Marketplace*; agus (ii) a sheirbhísí fógraíochta ar líne, *Amazon Advertising*.

(17) D'ainmnigh an Coimisiún *Amazon* mar gheatóir i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(i) seirbhísí idirghabhála ar líne *Amazon, Amazon Marketplace*;
(ii) seirbhísí fógraíochta ar líne *Amazon, Amazon Advertising.*[13]

(18) **Thug *Apple*** fógra don Choimisiún go gcomhlíonann sé na tairseacha i ndáil leis na croísheirbhísí ardáin seo a leanas: (i) a sheirbhísí idirghabhála ar líne *iOS AppStore*; (ii) a chóras oibriúcháin *iOS*; (iii) a bhrabhsálaí gréasáin *Safari* ar *iOS*; agus (iv) a sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir, *iMessage*. I dteannta lena fhógra, chuir *Apple* iarratas frisnéise isteach i ndáil le *iMessage*, a sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir.

(19) D'ainmnigh an Coimisiún *Apple* mar gheatóir[14] i ndáil leis na nithe seo a leanas:

[12] https://digital-markets-act.ec.europa.eu/gatekeepers_en#alphabet-inc
[13] https://digital-markets-act.ec.europa.eu/gatekeepers_en#amazoncom-inc
[14] https://digital-markets-act.ec.europa.eu/gatekeepers_en#apple-inc

(i) *Appstore*, seirbhísí idirghabhála ar líne *Apple*, gan beann ar an ngaireas ar a n-úsáidtear é toisc go n-úsáidtear *App Store* don chuspóir coiteann céanna ar fud na ngaireas uile ar a bhfuil sé le fáil (i.e. *iOS, iPadOS, macOS, watchOS* agus *tvOS*), is é sin chun idirghabháil a dhéanamh maidir le dáileadh na n-aipeanna;

(ii) Córas oibriúcháin *Apple*, *iOS*, i gcás ina meastar leis an gCinneadh, cé go bhfuil bunghnéithe agus saintréithe teicniúla *iOS* agus *iPadOS* comhchosúil le chéile agus go mbíonn timpeallachtaí comhchosúla i gceist leo dá thoradh sin, go bhfuil fíorais agus argóintí leordhóthanacha curtha ar fáil ag *Apple* sa deireadh, gur córais oibriúcháin éagsúla faoi seach iad faoi DMA, agus gurb é *iOS* amháin a chomhlíonann na tairseacha cainníochtúla le haghaidh ainmniúcháin; agus

(iii) Brabhsálaí gréasáin *Apple, Safari*, gan beann ar an ngaireas ar a gcuirtear ar fáil é toisc go bhfreastalaíonn sé ar an gcuspóir coiteann céanna ar gach gaireas (i.e. *iPhone, iPad* agus *Mac*), is é sin uirlis a sholáthar d'úsáideoirí chun ábhar gréasáin a thairiscint, rochtain a fháil ar ábhar gréasáin agus chun idirghníomhú a dhéanamh le hábhar gréasáin.

(20) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh argóintí cuí-réasúnaithe leordhóthanacha déanta ag *Apple* chun na toimhdí a leagtar síos in Airteagal 3(2) DMA i ndáil le seirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir *Apple, iMessage*, a thabhairt faoi cheist go follasach agus dá bhrí sin rinne an Coimisiún an cinneadh tús a chur le himscrúdú margaidh.

(21) I ndáil le hargóintí *Apple* maidir le *iOS* agus *iPad OS*, chuir an Coimisiún tús le himscrúdú margaidh d'fhonn a shuí cé acu an geatóir é Apple freisin i ndáil le *iPadOS*, cé nach gcomhlíonann sé na tairseacha cainníochtúla[15].

(22) Rinne *Apple* achomharc i gcoinne an chinnidh ainmniúcháin ón gCoimisiún, chomh maith leis an gcinneadh chun tús a chur le himscrúdú margaidh i ndáil le *iMessage* (Cásanna t-1079/23 agus t-1080/23, agus tá an dá achomharc fós ar siúl).

(23) **Thug *ByteDance*** fógra don Choimisiún go gcomhlíonann sé na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 3(2)(a) agus Airteagal 3(2)(b) DMA, ach nach gcomhlíonann sé na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 3(2)(c) i ndáil lena sheirbhís *TikTok* a mheasann sé a bheith ina croísheirbhís ardáin de chineál seirbhíse ardáin comhroinnte físeán (seachas a bheith ina croísheirbhís ardáin de chineál seirbhíse líonraithe sóisialta ar líne). Ina fhógra, chuir *ByteDance* argóintí frisnéise isteach i ndáil le *TikTok*.

(24) D'ainmnigh an Coimisiún *ByteDance* mar gheatóir[16] i ndáil lena sheirbhís líonraithe shóisialta ar líne *TikTok*. Cé nach gcuireann an Cinneadh i gcoinne an mhaímh go gcomhlíonann *TikTok* an sainmhíniú ar sheirbhís ardáin comhroinnte físeán, measann an Coimisiún go dtéann *TikTok* thar fheidhmiúlachtaí comhroinnte físeán agus go dtairgeann sé na gnéithe agus na feidhmiúlachtaí uile a bhíonn i gceist le seirbhís líonraithe shóisialta ar líne, agus go dtugann an cáiliú sin an léiriú is fearr ar fhairsinge feidhmiúlachtaí *TikTok* faoi DMA. Fuarthas leis an gCinneadh freisin go bhfuil modheolaíocht *ByteDance* chun úsáideoirí *TikTok* a chomhaireamh lochtach agus thángthas ar an gconclúid go gcomhlíonann *ByteDance* na tairseacha uile a leagtar síos

[15] Faoi dheireadh 2023, ní raibh aon tásc ag an gCoimisiún gur gá tús a chur le haon imscrúdú margaidh eile maidir le hainmniú cáilíochtúil. Déanann an Coimisiún faireachán leanúnach i ndáil leis sin.
[16] https://digital-markets-act.ec.europa.eu/gatekeepers_en#bytedance-ltd

in Airteagal 3(2) DMA i ndáil le *TikTok*. Diúltaítear leis an gCinneadh na hargóintí frisnéise a rinne *ByteDance*, toisc nach raibh siad cuí-réasúnaithe go leordhóthanach chun an toimhde a thabhairt faoi cheist gur gheatóir é i ndáil leis an tseirbhís líonraithe shóisialta ar líne *TikTok*.

(25) Rinne *ByteDance* achomharc i gcoinne an chinnidh chun diúltú dá argóintí frisnéise agus é a ainmniú mar gheatóir i ndáil le *TikTok* (Cás t-1077/23, fós ar siúl).

(26) Thug ***Meta*** fógra don Choimisiún go gcomhlíonann sé na tairseacha i ndáil leis na croísheirbhísí ardáin seo a leanas: (i) a sheirbhís líonraithe shóisialta ar líne aonair arna thacú le fógraíocht ar líne lena gcuimsítear, i dtuairim *Meta, Facebook, Instagram, Meta Ads, Messenger, Marketplace, Facebook Dating* agus *Facebook Gaming Play*; agus (ii) a sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir, *WhatsApp*.

(27) D'ainmnigh an Coimisiún *Meta* mar gheatóir i ndáil leis na nithe seo a leanas
(i) *Facebook*, ar seirbhís líonraithe shóisialta ar líne de chuid *Meta* í;
(ii) *Instagram*, ar seirbhís líonraithe shóisialta ar líne de chuid *Meta* í;
(iii) *Meta Ads*, ar seirbhís fógraíochta ar líne de chuid *Meta* í;
(iv) *WhatsApp*, ar seirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir de chuid *Meta* í;
(v) *Messenger*, ar seirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir de chuid *Meta* í agus
(vi) *Marketplace*, ar seirbhísí idirghabhála ar líne de chuid *Meta* iad.[17]

(28) Diúltaíodh leis an gCinneadh na hargóintí frisnéise a rinne *Meta* i ndáil le *Messenger*, a sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir, agus *Marketplace*, a sheirbhís idirghabhála ar líne. Contrártha do na hargóintí frisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil *Messenger* ina seirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir atá ina croísheirbhís ardáin aonair agus nach féidir a mheas nach bhfuil ann ach feidhmiúlacht comhrá na croísheirbhís ardáin um líonrú sóisialta ar líne *Facebook*. Contrátha do na hargóintí frisnéise sin, breithníonn an Coimisiún go bhfuil úsáideoirí gnó ag *Marketplace* agus dá bhrí sin gur sheirbhís idirghabhála ar líne ó ghnólacht go tomhaltóir atá ann.

(29) Rinne *Meta* achomharc maidir le hainmniú a sheirbhíse cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir, *Messenger*, agus a sheirbhísí idirghabhála ar líne, *Marketplace*, mar thairseacha tábhachtacha d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh ina chinneadh ainmniúcháin (Cás t-1078/23).

(30) Thug ***Microsoft*** fógra don Choimisiún go gcomhlíonann sé na tairseacha i ndáil leis na croísheirbhísí ardáin seo a leanas: (i) a chóras oibriúcháin *Windows PC OS*; (ii) a inneall cuardaigh ar líne *Bing*, (iii) a bhrabhsálaí gréasáin *Edge*; (iv) a sheirbhísí fógraíochta ar líne *Microsoft Advertising*; (v) a sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir *Outlook.com*; agus (vi) a sheirbhís líonraithe shóisialta ar líne *LinkedIn*. Ina fhógra, chuir *Microsoft* argóintí i láthair ina ndearnadh iarracht a léiriú cé go gcomhlíonann a inneall cuardaigh ar líne *Bing*, a bhrabhsálaí gréasáin *Edge*, a sheirbhísí fógraíochta ar líne *Microsoft Advertising*, agus a sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir *Outlook.com* na tairseacha a leagtar síos in Airteagal 3(2) DMA,

[17] https://digital-markets-act.ec.europa.eu/gatekeepers_en#meta-platforms-inc

nach gcomhlíonann na croísheirbhísí ardáin sin na ceanglais a liostaítear in Airteagal 3(1) DMA agus dá bhrí sin nár cheart iad a liostú i gcinneadh ainmniúcháin *Microsoft*.

(31) D'ainmnigh an Coimisiún *Microsoft* mar gheatóir i ndáil leis na nithe seo a leanas

(i) Córais oibriúcháin do ríomhairí pearsanta *Microsoft*, lena n-áirítear *Windows PC OS*; agus
(ii) *LinkedIn*, ar seirbhís líonraithe shóisialta ar líne de chuid *Microsoft* í.[18]

(32) Sa Chinneadh, ghlac an Coimisiún leis na hargóintí frisnéise a rinne *Microsoft* in ndáil lena sheirbhís cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir *Outlook.com*, mar gheall ar chumraíocht reatha na seirbhíse sin, ní tairseach thábhachtach í d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh. I gCinneadh ar leith, chuir an Coimisiún tús le himscrúduithe margaidh maidir leis an inneall cuardaigh *Bing* agus maidir leis an mbrabhsálaí gréasáin *Edge*; agus maidir leis na seirbhísí fógraíochta ar líne *Microsoft Advertising*[19], toisc gur mheas an Coimisiún nach raibh na hargóintí a chuir *Microsoft* i láthair cuí-réasúnaithe go leordhóthanach chun na toimhdí a leagtar síos in Airteagal 3(2) DMA a thabhairt faoi cheist go follasach.

(33) Thug ***Samsung*** fógra don Choimisiún go gcomhlíonann sé na tairseacha i ndáil lena bhrabhsálaí gréasáin *Samsung Internet Browser* ('SIB'). In éineacht lena fhógra, chuir *Samsung* iarratas frisnéise isteach ag iarraidh a léiriú, cé go gcomhlíonann SIB na tairseacha uile in Airteagal 3(2) DMA nach gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 3(1) DMA agus dá bhrí sin nár cheart é a ainmniú mar gheatóir. Ghlac an Coimisiún leis na hargóintí frisnéise a rinne *Samsung* i ndáil lena bhrabhsálaí gréasáin SIB agus chinn sé gan *Samsung* a ainmniú mar gheatóir.[20] Go sonrach, mheas an Coimisiún go raibh sciar íseal amharc leathanaigh gréasáin SIB agus an méid íseal úsáide a baineadh as SIB san Aontas mar tháscaire nach brabhsálaí gréasáin suntasach é san Aontas agus dá réir sin, nach tairseach thábhachtach í d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh.

III. FAIREACHÁN

(34) Ní mór do gheatóirí na hoibleagáidí a chomhlíonadh a leagtar síos in Airteagail 5, 6, 7 agus 15 DMA 6 mhí tar éis ainmniúcháin, ag tabhairt le tuiscint nach mór do na cuideachtaí a ainmníodh an 5 Meán Fómhair 2023 na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh faoin 7 Márta 2024. Dá bhrí sin, ní thagann sé faoi raon feidhme na chéad tuarascála bliantúla seo faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sin.

(35) Na hoibleagáidí atá ar gheatóirí chun faisnéis a sholáthar faoi chomhchruinnithe de bhun Airteagal 14 DMA agus chun feidhm chomhlíonta a bhunú de bhun Airteagal 28 DMA, tá feidhm ag na hoibleagáidí sin ó thráth an ainmniúcháin agus dá bhrí sin áirítear sa tuarascáil seo gníomhaíochtaí an Choimisiúin a bhain leo in 2023. Tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar chomhlíonadh an n-oibleagáidí sin agus d'fhéadfadh sé beart a dhéanamh i gcás ina meastar go bhfuil sé iomchuí.

[18] https://digital-markets-act.ec.europa.eu/gatekeepers_en#microsoft-corporation
[19] https://ec.europa.eu/competition/digital_markets_act/cases/202343/DMA_100015_584.pdf
[20] https://ec.europa.eu/competition/digital_markets_act/cases/202346/DMA_100038_100.pdf

a. Airteagal 14 DMA: Faisnéis maidir le comhchruinnithe

(36) De bhun Airteagal 14 DMA, ceanglaítear ar gheatóirí an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon chomhchruinniú a bheartaíonn siad a déanamh, i gcás ina soláthraíonn na heintitis atá ag cumasc nó sprioc an chomhchruinnithe croísheirbhísí ardáin, seirbhísí eile san earnáil dhigiteach, nó i gcás ina gcumasaíonn siad bailiú sonraí.

(37) In 2023, fuair an Coimisiún trí iarratas maidir le comhchruinnithe a bhí beartaithe ag geatóirí, i mí Mheán Fómhair, mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2023. Déantar achoimre neamhrúnda ar an bhfaisnéis a chuir na geatóirí isteach de bhun Airteagal 14 DMA, in éineacht le dáta an fhógra agus aitheantas na ngnóthas lena mbaineann a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin[21] ar bhonn atrátha agus tráth nach luaithe ná 4 mhí tar éis an fhaisnéis a fháil.

b. Airteagal 28 DMA: Feidhm chomhlíonta

(38) De bhun Airteagal 28 DMA, ceanglaítear ar gheatóirí feidhm chomhlíonta a thabhairt isteach nach mór a bheith neamhspleách ar fheidhmeanna oibríochtúla an gheatóra agus nach mór oifigeach comhlíontachta amháin nó níos mó a bheith inti ag a bhfuil údarás leordhóthanach, stádas leordhóthanach, agus acmhainní leordhóthanacha chun bheith in ann faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht an gheatóra maidir le DMA agus comhairle a thabhairt dóibh ina leith.

(39) Tá faireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar bhunú na feidhme comhlíonta sin ag gach geatóir ainmnithe chun a áirithiú go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 28 DMA. Tar éis pléití agus treoraíocht ón gCoimisiún maidir leis na ceanglais sin, tá oifigigh chomhlíontachta ceaptha ag na geatóirí ainmnithe uile i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 28 DMA agus cuireadh na mionsonraí in iúl don Choimisiún.

IV. COMHAR IDIR AN COIMISIÚN AGUS ÚDARÁIS NÁISIÚNTA

(40) Leagtar síos le DMA na prionsabail ghinearálta lena rialaítear an t-idirghníomhú idir DMA agus dlíthe ábhartha eile an Aontais, amhail dlí na hiomaíochta, an dlí maidir le cosaint sonraí agus an dlí um chosaint tomhaltóirí. Leagtar amach na prionsabail sin in Airteagail 1(5) agus 1(6) DMA.

(41) Ina theannta sin, samhlaítear le hAirteagail 37 agus 38 go n-oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit i ndlúthchomhar agus go ndéanfaidh siad comhordú ar a ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin chun forfheidhmiú comhleanúnach, éifeachtach agus comhlántach na n-ionstraimí dlí atá ar fáil a áirithiú, ar ionstraimí dlí iad a chuirtear i bhfeidhm ar gheatóirí.

(42) Go dtí seo, tharla comhar idir an Coimisiún agus údaráis náisiúnta, agus go háirithe údaráis iomaíochta náisiúnta (NCAnna), tríd an nGréasán Eorpach Iomaíochta (ECN). Is comhar déthreo é an comhar sin:sholáthair an Coimisiún faisnéis agus nuashonruithe do na NCAnna maidir lena chinntí ainmniúcháin agus a imscrúduithe margaidh faoi DMA, agus sholáthair NCAnna faisnéis don Choimisiún agus rinneadh tuairimí a mhalartú

[21] https://digital-markets-act-cases.ec.europa.eu/acquisitions

eatarthu, mar a beartaíodh le DMA, maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin ábhartha faoina dhlíthe iomaíochta náisiúnta.

(43) Le linn na tréimhse tuairiscithe, níor chuir aon údarás náisiúnta inniúil an Choimisiún ar an eolas faoi chéad bhearta imscrúdaitheacha foirmiúla ná faoi a rún imscrúdú a sheoladh de réir an dlí iomaíochta náisiúnta a bhaineann le geatóir ainmnithe. Roimh dheireadh na tréimhse tuairiscithe, chuir údarás náisiúnta inniúil amháin an Coimisiún ar an eolas, faoi Airteagal 38(3) DMA, faoi na dréachtbhearta atá beartaithe aige a fhorchur ar gheatóir ainmnithe bunaithe ar an dlí iomaíochta náisiúnta. Ós rud é nach bhfuil feidhm ag na hoibleagáidí in Airteagail 5, 6 agus 7 DMA ach amháin ón 7 Márta 2024 ar aghaidh, níl aon imscrúdú déanta ag údarás náisiúnta inniúil dá bhforáiltear faoi Airteagal 38(7) DMA ar chás ina bhféadfadh neamh-chomhlíonadh a bheith ann maidir leis na hoibleagáidí seo ina chríoch.

V. AN GRÚPA ARDLEIBHÉIL LE HAGHAIDH AN GHNÍMH UM MARGAÍ DIGITEACHA

(44) Bunaíodh an Grúpa Ardleibhéil le haghaidh an Ghnímh um Margaí Digiteacha le Cinneadh ón gCoimisiún an 23 Márta 2023 bunaithe ar Airteagal 40 DMA.[22] Tá an grúpa comhdhéanta de na comhlachtaí agus gréasáin Eorpacha a sainaithníodh in DMA[23] agus bunaíodh é mar ghrúpa saineolaithe, i gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoimisiún[24] lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le cruthú agus oibriú ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin. Is é an Coimisiún a dhéanann cathaoirleacht ar an nGrúpa Ardleibhéal agus cuireann an Coimisiún tacaíocht rúnaíochta ar fáil don ghrúpa freisin. Is é is aidhm don ghrúpa tacú le cur chun feidhme comhleanúnach agus éifeachtach DMA agus rialacháin eile a bhaineann go sonrach leis an earnáil is infheidhme maidir le geatóirí.

(45) Tá an grúpa ábhartha freisin maidir le sainaithint agus meastóireacht ar aon idirghníomhaíocht idir forálacha DMA agus na rialacha a bhaineann go sonrach leis an earnáil. Thairis sin, is féidir leis an gCoimisiún úsáid a bhaint as saineolas agus taithí atá ag comhlachtaí agus líonraí earnála ábhartha freisin le linn imscrúduithe margaidh ar sheirbhísí agus cleachtais nua.[25]

(46) Tháinig an Grúpa Ardleibhéil le chéile dá chruinniú tionscnaimh an 12 Bealtaine 2023, tar éis sé ionadaí a bheith ainmnithe ag gach duine dá chúig chomhalta.[26] Le linn an chruinnithe tionscnaimh, chuir na comhaltaí forbairtí ina réimsí saineolais i láthair atá ábhartha maidir le forfheidhmiú DMA. Chuir an Coimisiún staid chur chun feidhme DMA i láthair, agus ina dhiaidh sin bhí seisiún tuairimíochta ann.

(47) Shocraigh an Grúpa Ardleibhéil Rialacha Nós Imeachta ag a dhara chruinniú an 27 Samhain 2023. Bhí an comhrá sa chruinniú sin dírithe ar an ullmhúchán maidir le fo-

[22] An Coimisiún Eorpach, 'Cinneadh ón gCoimisiún an 23.3.2023 maidir leis an nGrúpa Ardleibhéil le haghaidh an Ghnímh um Margaí Digiteacha,' An Bhruiséil, 23.3.2023, C(2023) 1833 final. Tá tuilleadh faisnéise le fáil ag: https://competition-policy.ec.europa.eu/system/files/2023-03/High_Level_Group_on_the_DMA_0.pdf.

[23] Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, an Gréasán Eorpach Iomaíochta, an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí, agus Grúpa Eorpach Rialála Rialálaithe na Meán Closamhairc.

[24] Cinneadh C(2016) 3301 ón gCoimisiún final lena mbunaítear rialacha cothrománacha maidir le cruthú agus oibriú ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin.

[25] Ibid. Airt. 40(7).

[26] Is féidir le gach comhlacht nó gréasán foráil a dhéanamh freisin maidir le comhaltaí malartacha.

ghrúpaí an Ghrúpa Ardleibhéil a bhunú. Táthar ag coinne le dhá fho-ghrúpa a bhunú le linn 2024. Ní bheidh an Grúpa Ardleibhéil ná a fho-grúpaí rannpháirteach in imeachtaí nó imscrúduithe leanúnacha an Choimisiúin faoi DMA.[27]

[27] Is é saincheart aonair an Choimisiúin mar fheidhmitheoir an Rialacháin sin, faoi réir nós imeachta an Choiste Chomhairligh mar a leagtar síos in Airteagal 50(2) DMA.